

# TUAIRISC AN CHOIMISINEARA

## DON AIRE SHANE ROSS, AIRE IOMPAIR, TURASOIREACHTA, AGUS SPOIRT

Is léir luach sochaíoch agus eacnamaíochta na líonraí troma agus éadroma araon leis na méaduithe atá ag teacht ar líon na dturas ag paisinéirí ar na hiarnróid troma agus éadroma araon in 2018. Chuaigh líon iomlán na dturas ag paisinéirí i méad go díreach faoi bhun 90m – méadú amuigh is istigh ar 5.5.% ar úsáid an iarnróid throim agus 11% ar úsáid an iarnróid éadroim.

Ba é €2.27m an maoiniúchán iomlán d'fheidhmeanna an Choimisiúin in 2018. Leanann an Coimisiún ar aghaidh le bheith ag fáil fhormhór a chuid maoiniúcháin tríd an tobhach bliantúil a chuireann an CRI ar na haonáin atá faoi réir rialála (€1.67m) agus faightear an iarmhéid mar Dheontas i gCabhair ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (€0.48m). Leithdháiltear an tobhach ar bhonn leibhéal an údaraithe nó maoirseachta a dhéanfar ar gach aonán sa bhliain sin.

Fuair an CRI 31 uiríoll a bhain le raon saincheisteanna bonneagair agus oibriúcháin ar na hiarnróid troma agus éadroma síos ó 58 sa bhliain roimhe. Gníomhaíodh i leith na n-uiríoll ar fad a fuair an CRI.

Bhain spriocdháta suntasach in 2018 leis an gceanglas go mbeadh gach tiománaí traenach ceadúnaithe faoin 29ú Deireadh Fómhair chun oibriú ar an líonra iarnróid laistigh den AE. Ar aon dul leis na ceanglais dhlíthiúla, fuair an CRI iarratais ó Ghnóthas Iarnróid-Iarnród Éireann agus ó Balfour Beatty Rail Ireland ar cheadúnais do thiománaithe. Bunaithe ar an athbhreithniú agus ar phróiseáil na n-iarratas, eisíodh 540 Ceadúnas Tiomána Traenach laistigh den spriocdháta riachtanach.

Mar an rialtóir iarnróid, is é an Coimisiún an monatóir neamhspleách ar an gConradh Ilbhliantúil idir Bainisteoir Bonneagair IÉ agus an tAire. Chuir an Coimisiún an t-athbhreithniú riachtanach i gcrích agus chomhlíon na ceanglais tuairisceoireachta ar aon dul le critéir an chonartha. Rannchuidigh muid freisin leis an athbhreithniú ar an gconradh reatha, a bhfuil an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag tabhairt faoi.

Bhí idirghníomhaíocht ag an gCoimisiún in 2018 le páirtithe leasmhara i ndáil le Brexit agus faisnéis an Choimisiúin do pháirtithe leasmhara ábhartha agus tionchar Brexit ar cheadúnú gnóthais iarnróid an AE, cheadúnú agus dheimhniúchán tiománaithe i gcomhthéacs rialacha an AE i réimse an iompair iarnróid.

Ceanglaítear ar eagraíochtaí iarnróid tuairisc sábháilteachta bhliantúil a chur faoi bhráid an CRI faoin 30ú Meitheamh gach bliain maidir leis an mbliain roimhe. Cé go soláthraítear cuid de na sonraí laistigh den tuarascáil bhliantúil, foilsíonn an CRI a Thuarascáil faoi Fheidhmíocht Iarnróid ó thaobh na Sábháilteachta in Éirinn ar thráth níos déanaí. Tá an tuarascáil iomlán i gcomhair 2017 foilsithe ar shuíomh idirlín an CRI website www.crr.ie.

D'óstáil an CRI comhdháil bhliantúil na Comhairle Sábháilteachta Iarnróid Idirnáisiúnta i mí Dheireadh Fómhair 2018. Ba é cultúr eagraíochta ar mór leis an tsábháilteacht téama na comhdhála agus d'fhreastail breis is 230 toscaire ó 12 thír dhifriúla air.

Leanaimid ar aghaidh le bheith ag cinntiú go gcomhlíonann an Coimisiún ceanglas an Chóid Chleachtais athbhreithnithe maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus in 2018, thugamar Comhaontuithe Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta nua chun críche leis an Roinn.

Braitheann aon eagraíocht go huile is go hiomlán ar cháilíocht agus phroifisiúntacht a fhoirne dá rath agus don mhéid a bhaineann sé amach. Ba mhaith liom mar sin mo bhuíochas a thabhairt do gach ball d'fhoireann an CRI agus aitheantas a thabhairt dá gcuid tiomantais agus oibre crua leanúnaí i gcaitheamh na bliana.

**Brian Higgisson**

Coimsinéir

| | Coincheap | Dearadh Tosaigh | Dearadh Mionsonraithe | T & C | Oibriú Eatramhach | Seirbhís |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Céimeanna APIS | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| **Bonneagar** | | | | | | |
| LUAS Traschathrach | | | | | √ | |
| Fodhroichead – Líne Bhaile Atha Cliath/na Gaillimhe | | | √ | | | |
| Tardhroichead – Líne Uí Chonghaile /Gabhal Newcomen | | | √ | | | |
| Tardhroichead – Líne Bhaile Atha Cliath/ Shligigh | | | | √ | | |
| Fodhroichead – Fodhroichead Líne Bhaile Atha /Chorcaí | | | | √ | | |
| Tardhroichead – Líne Bhaile Atha Cliath / Ros Láir | | | | √ | | |
| | | | | | | |
| Ardán Ghabhal Luim-nigh | | | √ | | | |
| WSVR – 2 ardán | | | | | | √ |
| | | | | | | |
| CCRP – Céim 3 | | | | | | √ |
| CCRP – Céim 4 | | | √ | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| **Rothstoc** | | | | | | |
| Tram Citidas 502 | | | | √ | √ | |

*Tábla 1 – Litreacha 'Údarú le Cur i mBun Seirbhíse' a eisíodh in 2018.*

## MEASÚNACHT AR CHOMHFHOIRMEACHT

Déantar Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht na gCóras Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) de réir na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid agus an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005 arna leasú le IR 444 de 2013. Tugtar mionsonraí ar chritéir shonracha le comhfhoirmeacht a mheasúnú i Rialachán ón AE 1158/2010 Deimhniú Sábháilteachta agus Rialachán ón AE 1169/2010 Údarú Sábháilteachta.

D'eisigh an CRI Deimhniú Sábháilteachta athnuaite do GI-IÉ agus Údarú Sábháilteachta athnuaite do BB-IÉ i mí an Mhárta 2018 tar éis measúnachta ar a gcuid CBSanna faoi seach. Rinneadh an mheasúnacht de réir Rialacháin Choimisiún an AE Uimh. 1158/2010 agus 1169/2010 agus thóg thart faoi ceithre mhí, ar aon dul leis an reachtaíocht.

I rith an cheathrú ráithe in 2018, chuir an CRI tús le hidirghníomhaíocht le Balfour Beatty Rail Ireland chun a nDeimhniú Sábháilteachta a athnuachan, rud a chaithfear a chríochnú roimh an 22ú Feabhra 2019. Rinneadh dea-dhul chun cinn faoi dheireadh 2018 agus tá an CRI ag súil le Deimhniú Sábháilteachta a eisiúint sula rachaidh an deimhniú reatha in éag.

I mí na Nollag, chuir an CRI tús le hidirghníomhaíocht le Rhomburg Sersa, aonán nua, a bheidh le hiarratas a dhéanamh ar dheimhniú sábháilteachta in 2019..

## TIOMÁNAITHE TRAENACH A CHEADÚNÚ

Is é an CRI an t-údarás inniúil chun críocha I.R. 399 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tiománaithe Traenach a Dheimhniú) 2010. Roimh 29ú Deireadh Fómhair 2018 ceanglaíodh ar gach tiománaí traenach faoi reachtaíocht an AE ceadúnas bailí a bheith acu chun traein a oibriú ar an líonra. Mar an t-údarás inniúil chun na ceadúnais seo a eisiúint, rinne an CRI athbhreithniú agus fíorú ar na hiarratais agus d'eisigh 540 ceadúnas tiomána traenach ina dhiaidh.

## GNÓTHAIS IARNRÓID A CHEADÚNÚ

Níor ceanglaíodh ar an CRI aon cheadúnas gnóthais iarnróid a eisiúint in 2018.



Tugtar tuilleadh mionsonraí ar thorthaí iniúchóireachta sna táblaí thíos.

| Eagraíocht Iarnróid | Teideal na hIniúchóireachta | Neamh-chomhlíon-adh – Cás Tromchúiseach | Neamh-chomhlíonadh – Cás Mionchúiseach | Gníomh Riachtanach |
|---|---|---|---|---|
| GI-Iarnród Éireann | Iniúchóireacht ar STMA Daoine a bhíonn i mbun Dualgas oibriúcháin | 0 | 3 | 1 |
| Transdev- GI | Rialú rioscaí a bhaineann le cothabháil, ábhair & Conraitheoirí | 0 | 0 | 2 |
| GI-Iarnród Éireann | Iniúchóireacht ar Bhainistíocht Rioscaí Seachródúcháin | 0 | 6 | 6 |

*Tábla 3: Iniúchóireachtaí tionscanta in 2017 agus tugtha chun críche ag an CRI in 2018*

| Eagraíocht Iarnróid | Teideal na hIniúchóireachta | Neamh-chomhlíon-adh – Cás Tromchúise-ach | Neamh-chomhlíonadh – Cás Mionchúiseach | Gníomh Riachtanach |
|---|---|---|---|---|
| BB - Iarnród Éireann | Iniúchóireacht ar Dhaoine & Shuíomhanna – Ionaid Rialaithe Crosairí Comhréidhe | 0 | 3 | 7 |
| BB - Iarnród Éireann | Iniúchoireacht ar an Roinn Comharthaíochta, Leictriúcháin & Teileachumarsáide | 0 | 3 | 7 |
| BBRI | Imscrúdú Tionóisce & Ullmhacht le haghaidh Éigeandála | 0 | 2 | 4 |

*Tábla 4: Iniúchóireachtaí an CRI a tionscnaíodh agus a tugadh chun críche in 2018*

| Eagraíocht Iarnróid | Teideal na hIniúchóireachta | Iniúchóireacht Tionscanta |
|---|---|---|
| GI - Iarnród Éireann | Iniúchóireacht ar Iosta Cothabhála Rothstoc Luimnigh | Márta 2018 |
| Transdev - GI | Imscrúdú Tionóisce & Iniúchoireacht / Monatóireacht Inmheánach | Meitheamh 2018 |
| Iarnróid Thuaisceart Éireann - GI | Tiománaí Traenach – Oiliúint & Inniúlacht | Meitheamh 2018 |

*Tábla 5: Iniúchóireachtaí an CRI a tionscnaíodh ach nár tugadh chun críche in 2018*

Cuirtear roinnt de na sonraí feidhmíochta ó thaobh na sábháilteachta d'eagraíochtaí iarnróid, a bhí ar fáil tráth fhoilsithe na tuarascála bliantúla seo, i láthair in Aguisín 4.

## SUIRBHÉ AR PHÁIRTITHE LEASMHARA

Thug an CRI faoi shuirbhé ar pháirtithe leasmhara Eagraíochtaí Iarnróid i mí Eanáir 2018 agus ba é an dara suirbhé dá leithéid é a thug an CRI faoi ar an earnáil. Ba é aidhm an tsuirbhé aiseolas a chruinniú ar ghníomhaíocht mhaoirseachta an CRI ar Eagraíochtaí Iarnróid.

Baineadh ráta freagairte suirbhé 87% amach. Lorgadh dearcaí eagraíochtaí iarnróid leis an suirbhé maidir le 18 réimse shonracha a bhain le hiniúchóireacht agus cigireacht. Áiríodh leo siúd: Ionchais iniúchóireachta, úsáideacht, torthaí, comhréireacht, scóip agus riarachán, Úsáideacht na cigireachta: Toradh na cigireachta, comhréireacht agus riarachán chomh maith le réimsí coitianta mar éifeachtacht chumarsáide, comhsheasmhacht, eolas agus taithí cigirí, méad na maoirseachta, spriocdhíriú de réir rioscaí agus éifeachtacht maidir le feasacht ar shábháilteacht a ardú.

Tagann na torthaí le torthaí shuirbhé 2013 a bheag nó a mhór. Tugtar faoi deara go bhfacthas go leor athruithe ar phearsanra san earnáil idir an dá linn, mar sin tá sé ina údar spreagaidh go measann pearsanra na n-eagraíochtaí iarnróid is minice lena n-idirghníomhaíonn an CRI go bhuil caighdeáin coinnithe ar bun.



